



Téama Teorainneacha agus droichid - Imirce

Roinn 1: Cén fáth gur ‘topaic chonspóideach’ í an imirce don 21ú haois?

Is topaic chonspóideach í an imirce d’Eoraip an 21^ú haois agus don domhan. Cad iad na cúiseanna dó sin agus conas is féidir leis an stair cuidiú linn chun tuiscint agus rochtain níos fearr a fháil ar an staid sa lá atá inniu ann?

Rabhadh: Tabhair do d’aire go bhfuil naisc chuig láithreáin ghréasáin ar nós YouTube san aonad seo. D’fhéadfadh athrú teacht ar a bhfuil ar láithreáin sheachtracha agus ba cheart súil a choinneáil air seo chun a bheith cinnte go bhfuil sé oiriúnach do dhaltáí scoile.

Torthaí na Roinne seo a fhoghlaim

Beidh na daltaí ábalta:

- A fhios a bheith acu go bhfuil an imirce inmheánach agus seachtrach araon i gcás na hEorpa.
- A tuiscint go dtéann daoine ar imirce ar chúiseanna éagsúla.
- A mhíniú nach feiniméan nua í an imirce ach go bhfuil stair fhada aici.
- Tuiscint a bheith acu ar na téarmaí ‘imirceach’, ‘imirce’, ‘dídeanaí’, agus ‘iarrthóir tearmainn’

Acmhainní a sholáthraítear

Acmhainn 1	Sleachta
Acmhainn 2	Doiciméad ó <i>Amnesty International</i> – ‘Costas Daonna Dhaingean na hEorpa’
Acmhainn 3	Íomhánna 1-5
Acmhainn 4	Rudaí pearsana
Acmhainn 5	Treoir Bolkestein

Gníomhaíocht Ranga 1: Cén fáth a bhfuil daoine ag fáil bháis chun dul go dtí an Eoraip?



Foinse: Massimo Sestini, Polaris Image © Massimo Sestini, <http://www.massimosestini.it/wru.html>



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Cailítear na mílte imirceach go bliantúil ag iarraidh an Eoraip a shroicheadh. Leis an staid tragóideach sin, rinneadh den tsaincheist anois ceann de na topaicí is práinní don mhór-roinn. Féach ar na gearrthóga scannán le do dhaltáí agus iarr orthu roinnt freagraí a scríobh ar na ceisteanna seo a leanas. Ansin cuir na freagraí i gcomparáid agus i gcontrárthacht le chéile i bplé ranga:

- Cad iad na cúiseanna a thugann daoine chun a dteaghlach a fhágáil?
- Cén fáth ar mian leo taisteal chun na hEorpa?
- Cad iad na deacrachtaí a mbeidh orthu aghaidh a thabhairt orthu ar an tslí?



https://www.youtube.com/watch?v=aBoc_8mCww0

Gearrthóg scannáin: Imircigh na hAfraice ag gluaiseacht trí na Balcáin

Foinse: *The Associated Press*



<https://www.youtube.com/watch?v=DIkQWmE2Og8>

Gearrthóg scannáin: Dídeanaithe na Siria sa Ghearmáin

Foinse: *VOANews*



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Gníomhaíocht Ranga 2: Eorpaigh ag gluaiseacht



Foinse: Grianghraf Alamy Stock David Pearson © David Pearson / Alamy

Ní hiad na daoine ó lasmuigh den Eoraip amháin a mbíonn aisling acu saol níos fearr a dhéanamh dóibh féin ar an mór-roinn. Laistigh den Eoraip í féin, tá na milliúin duine ag gluaiseacht thar theorainneacha. Tháinig den ghluaiseacht sin go bhfuil ardú tagtha ar an eagla i roinnt tíortha nach féidir lena seirbhísí poiblí pobail nua a choinneáil. Le héagsúlú níos mó laistigh de phobail ar fud na hEorpa, tháinig méadú de réir a chéile ar sheintimint chiníoch i roinnt áiteanna.

Féach ar na gearrthóga scannán seo a leanas le do dhaltaí agus iarr orthu roinnt freagraí a scríobh ar na ceistanna seo a leanas. Ansin cuir na freagraí i gcomparáid agus i gcontrárthacht le chéile i bplé ranga:

- Cén fáth go bhfuil imirce ar mhórscála ar siúl laistigh den Eoraip?
- Cad iad na cineálacha post atá ar siúl ag imircigh?
- Cad iad na héifeachtaí a bhíonn ag an imirce sin ar thíortha dúchais na n-imirceach?



LITHUANIA EXODUS
INCREASING NUMBER LEAVE FOR BETTER JOBS

Gearrthán scannáin: Oibrithe na Liotuáine in Éirinn

https://www.youtube.com/watch?v=gl7V_MT1YgE

Source: Al Jazeera English



ÁRAS STAIR NA HEORPA



Gearrthán scannáin: Oibrithe na Polainne sa Ríocht Aontaithe (féach ó 0:00-1:15)

<https://www.youtube.com/watch?v=UfNTs-mzqU4>

Source: VOANews

Gníomhaíocht Ranga 3: Dearthaí i leith imirceach agus i leith na himirce

Déan Acmhainn 1 a dháileadh ar do rang agus léigh na barúlacha dóibh. Iarr ar do dhaltáí freagairt trí na ceisteanna seo a leanas a fhiafraí dóibh:

- Cad iad na cineálacha dearthaí a chuirtear in iúl sna barúlacha i leith na n-imirceach?
- Cad iad na cúiseanna a thugann na tráchtairí i dtaobh cén fáth a bhfeiceann siad imircigh agus imirce ar an mbealach a bhfeiceann siad iad?
- Conas a bhraithfeá dá mb'imirceach thú de dheasca na mbarúlacha agus na ndearthaí sin?

Gníomhaíocht ghrúpa 1: 'Daingean na hEorpa' a phlé

Roinn do rang i gceithre ghrúpa atá mórán ar cóimhéid. Abair le duine amháin i ngach grúpa nótaí a ghlacadh agus taifead a dhéanamh ar thuairimí an ghrúpa, agus aiseolas a thabhairt ag deireadh na gníomhaíochta. Déan **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas a leithdháileadh ar gach grúpa, ceisteanna a gcaithfear na freagraí ina leith a lorg laistigh d'Acmhainn 2: 'Costas Daonna Dhaingean na hEorpa' Iarr ar ghrúpaí a gcuid torthaí a thuairisciú ar ais don rang iomlán agus a dtuairimí a thabhairt faoi 'Dhaingean na hEorpa'.

- De réir na tuarascála, cad iad na cúiseanna le hiarrachtaí na n-imirceach teacht go dtí an Eoraip?
- Deir *Amnesty International* gur bheartaigh AE agus a Bhallstáit slite chun imircigh neamhrialta a choinneáil amach ón Eoraip. Cad iad na bearta sin?
- Cén difríocht atá idir dídeanaí agus iarrthóir tearmainn?
- Tar éis an tuarascáil a léamh, cad iad na gnéithe ar leith a luaitear a chruthaíonn 'Daingean na hEorpa'?

Gníomhaíocht ghrúpa 2: Ag tarraingt as dearthaí stairiúla

Tá sé tábhachtach go mbíonn a fhios ag do dhaltáí go bhfuil stair fhada ag muintir na hEorpa a bheith ina n-imircigh ar chúiseanna éagsúla agus go leanann siad de bheith ina n-imircigh sa lá atá inniu ann. Ina ngrúpaí, iarr ar do dhaltáí féachaint ar na grianghraif in Acmhainn 3. Iarr orthu griangraf a roghnú agus snáithe scéil ficseanúil a chruthú ón bpictiúr. D'fhéadfadh sé go mbeadh orthu roinnt taighde ar líne nó ar phaipéar a dhéanamh ar an scéal a chuirtear i láthair sa ghriangraf. I gcarachtar an scéil a chruthú, ba cheart do na daltaí an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Ainm agus tír thionscnaimh an charachtair



ÁRAS STAIR NA HEORPA

- Cén fáth a bhfuil an carachtar ag dul ar imirce?
- Cad iad an dá ítim fhíor-riachtanacha atá siad á dtabhairt leo ar a dturas agus cén fáth?
- Cad iad na nithe a mbeidh aiféala orthu iad a fhágáil ina ndiaidh.

A luaithe a bheidh snáithe scéil an charachtair iomlán, iarr ar dhalta ó gach grúpa ról an charachtair a imirt, agus a scéal a insint don chuid eile den rang.

Gníomhaíocht ghrúpa 3: Cad atá in ainm? Difríochtaí idir imircigh agus dídeanaithe.

Déan athbhreithniú le do dhaltaí ar shainmhínte na dtéarmaí ‘imirceach’ agus ‘dídeanaí’ sa Réamhrá den scéim oibre seo. Anois, déan Acmhainn 4, arb é atá ann íomhánna de nithe atá ar taispeáint in Áras Stair na hEorpa, a dháileadh. An féidir le do dhaltaí a chinneadh cé acu den dá chatagóir a dtéann na nithe sin iontu? Beidh orthu léamh go cúramach conas a dhéantar cur síos ar dhálaí na ndaoine faoi bhealach laistigh de na sainmhínte chun teacht ar chonclúid.

Gníomhaíocht ghrúpa 4: Conspóid an Phluiméara Pholannaigh

Ina ngrúpaí, iarr ar do dhaltaí féachaint ar an téacs agus ar an bpóstaer in Acmhainn 5. Iarr ar gach grúpa an téacs a léamh lena mínítear cad is Treoir Bolkstein ann. Ansin déan **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas a leithdháileadh ar gach grúpa ionas go dtiocfaidh siad le chéile ag deireadh na gníomhaíochta chun go ndéanfaí cúis na conspóide a nochtadh.

- Cén fáth a raibh léirsithe in Iarthar na hEorpa i gcoinne na Treorach?
- Cén malartú tuairimí a bhí idir Coimisinéir Bolkestein agus Méara Pavros?
- Cén fhreagairt a bhí ag Bord Turasóireacht na Polainne ar an méid a bhí le rá ag muintir na Fraince?
- Cén frithghníomhú poiblí a bhí sa Fhrainc i gcoinne phóstaer fheachtas turasóireachta na Polainne?